C/2025/755

31.1.2025

Reachtanna an Bhonneagair Eorpaigh um Thaighde ar an Uileloscadh an 11 Nollaig 2024

(C/2025/755)

Clár Ábhair

BROLLACH 3

CAIBIDIL 1 GNÉITHE FÍOR RIACHTANACHA 4

Airteagal 1
Ainm agus Oifig Chláraithe

Airteagal 2
Cúraimí agus Gníomhaíochtaí

Airteagal 3
Fad agus Foirceannadh

Airteagal 4
Dliteanas agus Árachas

Airteagal 5
Beartas um Meastóireacht Eolaíoch

Airteagal 6
Beartas um Rochtain d'Úsáideoirí

Airteagal 7
Beartas um Scaipeadh

Airteagal 8
Beartas um Chearta Maoine Intleachtúla

Airteagal 9
Beartas Fostaíochta

Airteagal 10
Beartas um Sholáthar

CAIBIDIL 2 FORÁLACHA GINEARÁLTA 7

Airteagal 11
Teanga Oibre

Airteagal 12
Nuashonruithe agus Infhaighteacht Reachtanna

CAIBIDIL 3 COMHALTAS AGUS BREATHNADÓIREACHT 7

Airteagal 13
Comhaltaí agus Breathnóirí

Airteagal 14
Ligean Isteach Comhaltaí agus Breathnóirí

Airteagal 15
Tarraingt siar agus Foirceannadh Comhaltais nó Stádais Breathnóra

CAIBIDIL 4 CEARTA AGUS OIBLEAGÁIDÍ COMHALTAÍ AGUS BREATHNÓIRÍ 9

Airteagal 16
Comhaltaí

Airteagal 17
Breathnóirí

CAIBIDIL 5 RANNPHÁIRTÍOCHT NA gCOMHPHÁIRTITHE COMHOIBRITHEACHA 10

Airteagal 18
Comhpháirtithe comhoibritheacha

CAIBIDIL 6 RIALACHAS 10

Airteagal 19
Struchtúr Rialachais

Airteagal 20
Comhthionól Ginearálta

Airteagal 21
Stiúrthóir

Airteagal 22
Coiste na gComhordaitheoirí Náisiúnta

Airteagal 23
Bord Comhairleach

Airteagal 24
Coiste Stiúrtha

CAIBIDIL 7 ÁBHAIR AIRGEADAIS 14

Airteagal 25
Acmhainní

Airteagal 26
Prionsabail Bhuiséadacha, Cuntais agus Iniúchadh

Airteagal 27
Díolúintí ó Cháin agus ó Dhleacht Mháil

CAIBIDIL 8 FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA 15

Airteagal 28
Beartas Sonraí

Airteagal 29
Tuairisciú don Choimisiún

Airteagal 30
An Dlí is Infheidhme

Airteagal 31
Díospóidí

Airteagal 32
Forálacha maidir le Bunú

IARSCRÍBHINN I — LIOSTA DE CHOMHALTAÍ, DE BHREATHNÓIRÍ AGUS DÁ nEINTITIS A BHFUIL IONADAÍOCHT Á DÉANAMH ACU

COMHALTAÍ 17

BREATHNÓIRÍ 17

IARSCRÍBHINN II — RANNÍOCAÍOCHTAÍ NA gCOMHALTAÍ AGUS NA mBREATHNÓIRÍ 18

BROLLACH

Poblacht na hOstaire,

Poblacht na Cróite,

Poblacht na Seice,

Poblacht Chónaidhme na Gearmáine,

Stát Iosrael,

An Ísiltír,

Poblacht na Polainne,

An Rómáin

Poblacht na Slóvaice,

An Ríocht Aontaithe

Dá ngairtear 'na Comhaltaí Bunaidh' anseo feasta,

DE BHRÍ go n-aithníonn na Comhaltaí Bunaidh gur cuid ríthábhachtach d'oidhreacht chultúrtha an chine dhaonna é an tUileloscadh agus gur tráth cinniúnach é i bhforbairt Eoraip na linne seo;

AG AITHINT DÓIBH a thábhachtaí atá dearbhuithe idirnáisiúnta atá ann cheana lena gcuirtear de cheangal ar thíortha tacú le doiciméadacht, taighde, oideachas agus cuimhneachán an Uileloiscthe, lena n-áirítear Dearbhú 2000 ó Fhóram Idirnáisiúnta Stócólm maidir leis an Uileloscadh;

ÓS RUD É, trí mhéadú a dhéanamh ar ár dtuiscint eolaíoch ar an Uileloscadh, go dtugtar aghaidh ar ábhair imní thábhachtacha shochaíocha lena n-áirítear an comhrac in aghaidh shaobhadh agus shéanadh an Uileloiscthe, teoiricí comhcheilge, ciníochas, seineafóibe agus frithsheimíteachas;

AG AITHINT DÓIBH a thábhachtaí atá sé rochtain gan uaim ar chartlanna, acmhainní agus saineolas scaipthe an Uileloiscthe a éascú;

AG AITHINT DÓIBH go mbainfear torthaí den scoth amach má chumasaítear cultúr na comhroinnte, na hoscailteachta agus an mhalartaithe thar theorainneacha disciplíneacha;

AG AITHINT DÓIBH acmhainneacht na dteicneolaíochtaí digiteacha agus phrionsabail na heolaíochta oscailte chun feabhas a chur ar thaighde agus ar dhoiciméadacht an Uileloiscthe;

ÓS RUD É go n-eascraíonn nuálaíochtaí as taighde agus doiciméadacht úrscothach maidir leis an Uileloscadh, ar nuálaíochtaí iad a d'fhéadfadh tairbhe a dhéanamh do réimsí eolaíocha agus do thionscail chultúrtha eile agus, dá réir sin, tairbhe a bhaint as nuálaíochtaí i réimsí eile;

AG AITHINT DÓIBH, le comhar trasnáisiúnta méadaithe, go gcothófar malartú eolais agus saineolais, go gcuirfear aistriú teicneolaíochta chun cinn, go seachnófar dúbláil infheistíochtaí agus iarrachtaí, agus go laghdófar ilroinnt agus scaipeadh acmhainní agus saineolais a bhaineann leis an Uileloscadh;

I bhFIANAISE gur gá an tsaoirse acadúil a choimirciú i dtaighde agus i ndoiciméadacht an Uileloiscthe tríd an staidéar ar an Uileloscadh a éascú go hoscailte agus go trédhearcach agus i gcomhréir le prionsabail eolaíocha;

AG AITHINT DÓIBH gur bonneagar taighde uathúil inbhuanaithe a bheidh in EHRI lena gcomhordófar agus lena gcomhtháthófar acmhainní agus saineolas dáilte ó bhailiúcháin náisiúnta chun seirbhísí úrscothacha a chur ar fáil do phobal leathan úsáideoirí idirnáisiúnta;

AG ADMHÁIL DÓIBH thorthaí agus mhodheolaíochtaí na dtionscadal a chistigh an Coimisiún Eorpach roimhe seo chun pobal Eorpach taighde agus doiciméadúcháin an Uileloiscthe a chomhtháthú agus a struchtúrú ar bhonn buan agus oscailte;

AG AITHINT DÓIBH gur gá an comhar atá ann cheana a fhorbairt ina struchtúr buan inbhuanaithe lena neartófar lánpháirtiú agus comhtháthú thaighde agus dhoiciméadacht an Uileloiscthe agus lena gcomhdhlúthófar seasamh ceannasach na hEorpa sa réimse;

IARRANN SIAD ar an gCoimisiún Eorpach an Bonneagar Eorpach um Thaighde ar an Uileloscadh a bhunú mar Chuibhreannas don Bhonneagar Taighde Eorpach (EHRI-ERIC);

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

CAIBIDIL 1

GNÉITHE FÍOR-RIACHTANACHA

Airteagal 1

Ainm agus Oifig Chláraithe

1. Beidh bonneagar taighde dáilte ann ar a dtabharfar an 'Bonneagar Eorpach um Thaighde ar an Uileloscadh', dá ngairtear 'EHRI' anseo feasta.

2. Beidh foirm dhlíthiúil de Chuibhreannas don Bhonneagar Taighde Eorpach (ERIC) ag EHRI arna ionchorprú faoi fhorálacha Rialachán (CE) Uimh. 723/2009 agus tabharfar 'EHRI-ERIC' air.

3. Beidh oifig chláraithe EHRI-ERIC in Amstardam na hÍsiltíre.

Airteagal 2

Cúraimí agus Gníomhaíochtaí

1. Is é an príomhchúram a bheidh ar EHRI-ERIC EHRI a bhunú agus a oibriú chun barr feabhais a chumasú i dtaighde, doiciméadacht, oideachas agus cuimhneachán trasnáisiúnta maidir leis an Uileloscadh.

2. Oibreoidh EHRI-ERIC go dlúth leis an bpobal eolaíochta, cartlainne agus oideachais. Agus a phríomhchúram á shaothrú aige agus i gcomhréir le forálacha na reachtanna seo, déanfaidh EHRI-ERIC na gníomhaíochtaí seo a leanas agus comhordóidh sé iad:

a) ardán comhtháite a sholáthar le haghaidh rochtain ar an láthair agus rochtain fhíorúil ar fhoinsí, faisnéis agus saineolas scaipthe a bhaineann leis an Uileloscadh;

b) claochlú digiteach chartlanna agus thaighde an Uileloiscthe a chumasú trí rochtain oscailte agus caighdeáin, modhanna agus uirlisí idir-inoibritheacha a chur chun cinn;

c) eolas eolaíoch ar an Uileloscadh a chur chun cinn trí thacú le cineálacha cur chuige ildisciplíneacha, trasdisciplíneacha, trasnáisiúnta agus comhoibríocha i leith taighde;

d) cultúr na hoscailteachta, na foghlama agus an mhalartaithe a chur chun cinn trí rochtain ar oiliúint, ar líonrú agus ar dheiseanna comhair a sholáthar;

e) comhpháirtíochtaí agus comhar cobhsaí a bhunú le heagraíochtaí agus bonneagair ábhartha eile laistigh den Eoraip agus lasmuigh di;

f) tábhacht shóisialta, pholaitiúil agus chultúrtha an Uileloiscthe a chur in iúl don tsochaí ina hiomláine;

g) cláir oibre beartais phoiblí a bhaineann leis an Uileloscadh a chur chun cinn trí shaineolas eolaíoch agus tacaíocht bhonneagair a sholáthar;

h) páirt a ghlacadh in aon ghníomhaíocht ábhartha eile a chuideoidh le EHRI-ERIC a mhisean a bhaint amach agus taighde ar an Uileloscadh a neartú sa Limistéar Eorpach Taighde.

3. Beidh Lároifig EHRI-ERIC freagrach as gníomhaíochtaí EHRI-ERIC a chomhordú. Saothróidh EHRI-ERIC a ghníomhaíochtaí uile ar bhealach eiticiúil agus trédhearcach agus seachnóidh sé coinbhleachtaí leasa eagraíochtúla nó pearsanta a d'fhéadfadh a bheith ann.

4. Saothróidh EHRI-ERIC a phríomhchúram ar bhonn neamheacnamaíoch, áfach, gan dochar do na rialacha is infheidhme maidir le Státchabhair, féadfaidh sé gníomhaíochtaí eacnamaíocha teoranta a dhéanamh ar choinníoll go bhfuil dlúthbhaint acu lena phríomhchúram agus nach gcuireann siad baint amach an phríomhchúraim sin i mbaol. Aon ioncam a ghintear ó ghníomhaíochtaí eacnamaíocha teoranta den sórt sin, úsáidfidh EHRI-ERIC é chun tacaíocht bhreise a thabhairt dá chúraimí agus dá ghníomhaíochtaí.

Airteagal 3

Fad agus Foirceannadh

1. Beidh EHRI-ERIC ann go ceann tréimhse ama éiginnte.

2. Déanfar EHRI-ERIC a fhoirceannadh tar éis cinneadh ón gComhthionól Ginearálta i gcomhréir le hAirteagal 20(6)(i) de na reachtanna seo.

3. Gan moill mhíchuí agus in aon chás laistigh de 10 lá oibre tar éis ghlacadh an chinnidh maidir le foirceannadh, tabharfaidh EHRI-ERIC fógra don Choimisiún Eorpach faoin gcinneadh.

4. I dtaca le sócmhainní a bheidh fágtha tar éis íocaíocht fhiacha EHRI-ERIC, déanfar iad a chionroinnt ar na Comhaltaí i gcomhréir lena ranníocaíochtaí bliantúla carntha le EHRI-ERIC le 5 bliana as a chéile roimh an mbliain ina ndearnadh an cinneadh foirceannadh a dhéanamh.

5. Gan moill mhíchuí agus in aon chás laistigh de 10 lá oibre ó dhúnadh an nós imeachta foirceanta, tabharfaidh EHRI-ERIC fógra faoi sin don Choimisiún Eorpach.

6. Tiocfaidh deireadh le EHRI-ERIC an lá a fhoilseoidh an Coimisiún Eorpach an fógra iomchuí in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 4

Dliteanas agus Árachas

1. Beidh EHRI-ERIC faoi dhliteanas i leith a chuid fiach.

2. Níl na Comhaltaí faoi dhliteanas comhpháirteach i leith fhiacha EHRI-ERIC.

3. Beidh dliteanas airgeadais na gComhaltaí i leith fhiacha EHRI-ERIC teoranta dá ranníocaíocht bhliantúil féin sa bhliain iomlán dheireanach d'oibriú.

4. Beidh árachas iomchuí ag EHRI-ERIC chun na rioscaí a bhaineann go sonrach lena oibriú a chumhdach.

Airteagal 5

Beartas um Meastóireacht Eolaíoch

1. I dtaca le gníomhaíochtaí agus torthaí EHRI-ERIC, déanfaidh painéal neamhspleách ar a mbeidh saineolaithe idirnáisiúnta arna gceapadh ag an gComhthionól Ginearálta ar bhonn domhanda meastóireacht orthu gach 3 bliana, gan ceanglas a bheith ann gur gá a bheith bunaithe i dTír is Comhalta ná i dTír is Breathnóir.

2. Déanfaidh an painéal saineolaithe meastóireacht ar ghníomhaíochtaí eolaíocha EHRI-ERIC agus tarchuirfidh sé torthaí na meastóireachta chuig an gComhthionól Ginearálta.

3. Cuideoidh Coiste na gComhordaitheoirí Náisiúnta leis an bpainéal an mheastóireacht eolaíoch a dhéanamh tríd an bhfaisnéis uile is gá a sholáthar faoi ghníomhaíochtaí na Nód Náisiúnta.

Airteagal 6

Beartas um Rochtain d'Úsáideoirí

1. Deonóidh EHRI-ERIC rochtain fhisiciúil agus fhíorúil dá úsáideoirí ar acmhainní agus ar shaineolas atá ábhartha don Uileloscadh. Féadfaidh an Mol Lárnach nó na Nóid Náisiúnta acmhainní agus saineolas ábhartha a óstáil. I gceachtar cás, soláthraítear d'úsáideoirí pointe iontrála aonair arna bhainistiú ag an Mol Lárnach.

2. Nuair is féidir, soláthrófar rochtain ar bhonn rochtain leathan — i.e. rochtain neamhshrianta, saor in aisce agus oscailte d'aon duine. I gcásanna inar gá rochtain a shrianadh ar chúiseanna a bhaineann le hacmhainneacht, déanfar an roghnú ar bhonn barr feabhais.

3. Cuirfear faisnéis faoi dheiseanna rochtana, nósanna imeachta agus critéir mheastóireachta ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin EHRI-ERIC.

4. Beidh Beartas Rochtana EHRI-ERIC ina ábhar do dhoiciméad rialála sonrach, faoi réir formheas ón gComhthionól Ginearálta.

Airteagal 7

Beartas um Scaipeadh

1. Éascaitheoir i leith taighde a bheidh in EHRI-ERIC agus spreagfaidh sé go ginearálta an oiread saor-rochtana agus is féidir ar shonraí agus ar thorthaí taighde.

2. Spreagfaidh EHRI-ERIC úsáideoirí chun a dtorthaí taighde a chur ar fáil trí stór EHRI-ERIC agus/nó trí stórtha eile laistigh de thréimhse réasúnta agus i gcomhréir leis na prionsabail maidir le Sonraí FAIR (So-aimsitheacht, Inrochtaineacht, Idir-inoibritheacht agus In-athúsáidteacht) agus laistigh de thréimhse réasúnta.

3. Ceanglóidh EHRI-ERIC ar a Úsáideoirí úsáid EHRI-ERIC a aithint.

4. Úsáidfidh EHRI-ERIC na cainéil is iomchuí agus is forleithne chun a spriocphobail a shroicheadh, lena n-áirítear suíomh gréasáin, nuachtlitreacha, na meáin, na meáin shóisialta, ceardlanna, láithreacht ag comhdhálacha, ailt in irisí agus irisleabhair, agus ábhar le cur i gcló agus le craoladh chomh maith le cainéil eile de réir mar is iomchuí.

Airteagal 8

Beartas um Chearta Maoine Intleachtúla

1. Tuigfear an téarma 'maoin intleachtúil' i gcomhréir le hAirteagal 2 den Choinbhinsiún lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda um Maoin Intleachtúil a síníodh an 14 Iúil 1967.

2. Faoi réir aon chonartha idir EHRI-ERIC agus tríú páirtí, beidh cearta maoine intleachtúla arna gcruthú, arna bhfáil nó arna bhforbairt ag tríú páirtí faoi úinéireacht an tríú páirtí sin.

3. Faoi réir aon chonartha idir EHRI-ERIC agus tríú páirtí, beidh cearta maoine intleachtúla arna gcruthú, arna bhfáil nó arna bhforbairt ag EHRI-ERIC faoi úinéireacht EHRI-ERIC.

4. Féadfaidh EHRI-ERIC aon bheartas breise maidir le maoin intleachtúil a ghlacadh a bheidh le formheas ag an gComhthionól Ginearálta.

Airteagal 9

Beartas Fostaíochta

1. Beidh an nós imeachta roghnúcháin le haghaidh phoist foirne EHRI-ERIC trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach agus urramófar leo comhionannas deiseanna.

2. Cloífidh conarthaí fostaíochta le dlíthe náisiúnta na tíre ina bhfuil an fhoireann fostaithe nó na tíre ina bhfuil siad ag obair, de réir mar a fhéadfar a chinneadh leis an dlí is infheidhme.

3. Leagfar amach rialacha mionsonraithe maidir le hearcaíocht foirne sna rialacha cur chun feidhme agus glacfaidh an Comhthionól Ginearálta iad.

Airteagal 10

Beartas um Sholáthar

1. Le beartas EHRI-ERIC um sholáthar urramófar prionsabail na trédhearcachta, an neamh-idirdhealaithe agus na hiomaíochta.

2. Glacfaidh EHRI-ERIC a rialacha agus a nósanna imeachta soláthair féin, a bheidh le formheas ag an gComhthionól Ginearálta.

CAIBIDIL 2

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 11

Teanga Oibre

1. Is é an Béarla an teanga oibre a bheidh ag EHRI-ERIC.

Airteagal 12

Nuashonruithe agus Infhaighteacht Reachtanna

1. Coinneofar na reachtanna cothrom le dáta agus beidh siad ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin EHRI-ERIC agus ag an oifig chláraithe.

2. Déanfar aon leasú ar na reachtanna a léiriú go soiléir le nóta ina sonrófar an mbaineann an leasú le gné fhíor-riachtanach nó neamhriachtanach de na reachtanna i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (CE) Uimh. 723/2009.

CAIBIDIL 3

COMHALTAS AGUS BREATHNADÓIREACHT

Airteagal 13

Comhaltaí agus Breathnóirí

1. Féadfaidh na heintitis seo a leanas teacht chun bheith ina gComhaltaí de EHRI-ERIC nó a bheith ina mBreathnóirí gan cearta vótála:

a) Ballstáit an Aontais Eorpaigh;

b) Tíortha Comhlachaithe, dá dtagraítear i Rialachán (CE) Uimh. 723/2009;

c) Tríú tíortha seachas Tíortha Comhlachaithe;

d) Eagraíochtaí idir-rialtasacha.

2. Déanfar ligean isteach Comhaltaí agus Breathnóirí nua agus déanfar tarraingt siar agus foirceannadh comhaltais agus breathnadóireachta i gcomhréir le hAirteagail 14 agus 15.

3. Beidh ar a laghad Ballstát amháin agus dhá thír eile, ar Ballstáit nó Tíortha Comhlachaithe iad, san áireamh i gcomhaltaí EHRI-ERIC.

4. Beidh tromlach na gceart vótála sa Chomhthionól Ginearálta ag na Ballstáit nó ag na Tíortha Comhlachaithe go comhpháirteach. Cinnfidh an Comhthionól Ginearálta aon mhodhnú ar chearta vótála is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh EHRI-ERIC leis an gceanglas sin i gcónaí.

5. Féadfaidh eintiteas poiblí amháin nó eintiteas príobháideach amháin, nó níos mó ná sin, ag a bhfuil misean seirbhíse poiblí, ionadaíocht a dhéanamh d'aon Chomhalta nó d'aon Bhreathnóir dá dtagraítear i mír 1(a) go (c), ar comhalta nó breathnóir é a roghnóidh an t-eintiteas as féin agus a cheapfar i gcomhréir lena rialacha agus nósanna imeachta féin. Cuirfidh gach Comhalta nó gach Breathnóir an Comhthionól Ginearálta ar an eolas i scríbhinn faoi aon athrú ar a eintitis a bhfuil ionadaíocht á déanamh acu, faoi na cearta agus na hoibleagáidí sonracha a tarmligeadh chuige nó faoi aon athrú ábhartha eile.

6. Liostaítear Comhaltaí agus Breathnóirí EHRI-ERIC agus a n-eintitis a bhfuil ionadaíocht á déanamh acu in Iarscríbhinn I. Is é an Oifig Lárnach a choinneoidh Iarscríbhinn I cothrom le dáta.

Airteagal 14

Ligean Isteach Comhaltaí agus Breathnóirí

1. Eintitis dá dtagraítear in Airteagal 13(1) atá toilteanach a bheith ina gComhaltaí EHRI-ERIC, cuirfidh siad iarratas i scríbhinn faoi bhráid Chathaoirleach an Chomhthionóil Ghinearálta agus faoi bhráid an Stiúrthóra. Tabharfar tuairisc san iarratas sin ar an gcaoi a rannchuideoidh an t-eintiteas le cúraimí agus gníomhaíochtaí EHRI-ERIC a thuairiscítear in Airteagal 2 agus ar an gcaoi a gcomhlíonfaidh sé na hoibleagáidí dá dtagraítear in Airteagal 16(2).

2. Beidh ligean isteach na n-eintiteas mar Chomhaltaí nua faoi réir fhormheas an Chomhthionóil Ghinearálta, de réir na rialacha vótála a dtugtar tuairisc orthu in Airteagal 20(6)(c) agus tar éis comhairle a fháil ón mBord Comhairleach.

3. Eintitis dá dtagraítear in Airteagal 13(1) atá toilteanach rannchuidiú le EHRI-ERIC, ach nach bhfuil in ann dul isteach mar Chomhaltaí go fóill, féadfaidh siad iarratas a dhéanamh ar stádas Breathnóra. Cuirfidh na heintitis sin iarratas i scríbhinn faoi bhráid Chathaoirleach an Chomhthionóil Ghinearálta agus faoi bhráid an Stiúrthóra. Tabharfar tuairisc san iarratas sin ar an gcaoi a rannchuideoidh an t-iarratasóir le cúraimí agus gníomhaíochtaí EHRI-ERIC a thuairiscítear in Airteagal 2 agus ar an gcaoi a gcomhlíonfaidh sé na hoibleagáidí dá dtagraítear in Airteagal 17(2).

4. Beidh ligean isteach Breathnóirí nó síneadh le stádas Breathnóra faoi réir fhormheas an Chomhthionóil Ghinearálta, de réir na rialacha vótála a dtugtar tuairisc orthu in Airteagal 20(6)(c) agus tar éis comhairle a fháil ón mBord Comhairleach.

5. I gcás ina vótálfaidh an Comhthionól Ginearálta chun iarratasóir a ligean isteach mar Bhreathnóir, beidh sé teoranta do thréimhse 3 bliana. Féadfaidh breathnóirí iarratas a dhéanamh uair amháin ar shíneadh a chur lena stádas Breathnóra ar feadh na tréimhse céanna.

6. Eintiteas a mheasann go mbeidh rannpháirtíocht fhadtéarmach aige in EHRI-ERIC, ach nach bhfuil in ann a bheith ina Chomhalta, féadfar stádas Breathnóra Bhuain a bhronnadh air i gcásanna eisceachtúla. Beidh na cearta agus na hoibleagáidí céanna ag Breathnóirí Buana agus atá ag Comhaltaí dá bhforáiltear in Airteagal 16, cé is moite den cheart vótála ag an gComhthionól Ginearálta.

Airteagal 15

Tarraingt siar agus Foirceannadh Comhaltais nó Stádais Breathnóra

1. Ní fhéadfaidh Comhalta tarraingt siar laistigh de na chéad 5 bliana dá chomhaltas mura gcomhaontóidh an Comhthionól Ginearálta a mhalairt go heisceachtúil. Déanfar an tarraingt siar ag deireadh bliana airgeadais.

2. Faoi réir 16(1), féadfaidh Comhalta a chomhaltas a tharraingt siar tráth ar bith tar éis réamhfhógra 12 mhí i scríbhinn a thabhairt do Chathaoirleach an Chomhthionóil Ghinearálta. Tiocfaidh an tarraingt siar i bhfeidhm ag deireadh na chéad bhliana airgeadais eile ina mbeidh fógra um tharraingt siar tugtha, is é sin an 31 Nollaig an bhliain dár gcionn.

3. Ní fhéadfaidh Breathnóirí EHRI-ERIC tarraingt siar laistigh de na chéad 3 bliana dá mbreathnóireacht mura gcomhaontóidh an Comhthionól Ginearálta a mhalairt go heisceachtúil. Tar éis na tréimhse 3 bliana, féadfaidh Breathnóir EHRI-ERIC tarraingt siar ag deireadh bliana airgeadais trí fhógra 6 mhí i scríbhinn maidir le tarraingt siar a thabhairt do Chathaoirleach an Chomhthionóil Ghinearálta.

4. Féadfaidh an Comhthionól Ginearálta comhaltas nó stádas breathnóra a fhoirceannadh má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

a) rinne an Comhalta nó an Breathnóir sárú tromchúiseach ar cheann amháin nó níos mó dá oibleagáidí nó ar choinníollacha comhaltais nó stádais Breathnóra faoi na reachtanna seo; agus

b) níor éirigh le Comhalta nó Breathnóir an sárú sin a leigheas laistigh de 6 mhí tar éis dó fógra i scríbhinn a fháil faoin sárú; agus

c) tugadh deis don Chomhalta nó don Bhreathnóir a sheasamh a mhíniú don Chomhthionól Ginearálta sula ndéanfar cinneadh ar an tsaincheist.

5. Saineoidh an Comhthionól Ginearálta sna rialacha nós imeachta cad is sárú tromchúiseach ar oibleagáid ann.

6. Leanfaidh Comhaltaí agus Breathnóirí dá dtáillí comhaltais nó breathnóra a íoc agus de gach oibleagáid airgeadais agus eile a chomhlíonadh go dtí go dtiocfaidh an tarraingt siar nó an foirceannadh i bhfeidhm.

7. D'ainneoin Airteagal 15(1), Airteagal 15(2) agus Airteagal 15(3), féadfaidh Comhaltaí agus Breathnóirí dá dtagraítear in Airteagal 13(1)(b) agus (c) tarraingt siar as EHRI-ERIC tar éis athruithe ar Rialachán (CE) Uimh. 723/2009 a dhéanfadh difear ábhartha dá gcearta agus dá n-oibleagáidí i ndáil le EHRI-ERIC. Leis na hathruithe sin, meastar go ndéantar difear ábhartha dá gcearta agus dá n-oibleagáidí i gcás ina bhfuil an méid seo a leanas i gceist leo nó i gcás ina bhforchuireann siad an méid seo a leanas ar an gcomhalta nó ar an mbreathnóir sonrach sin:

a) táillí méadaithe (lena n-áirítear ranníocaíochtaí bliantúla níos airde nó costais um dhíchoimisiúnú);

b) níos lú ceart vótála i gcomparáid le comhaltaí nó breathnóirí eile dá dtagraítear in Airteagal 13(1)(a);

c) ceanglais atá contrártha leis an dlí is infheidhme dá dtagraítear in Airteagal 30 de na reachtanna seo;

d) deireadh a chur leis an gceart go ndéanfaí ionadaíocht air sa Chomhthionól Ginearálta nó i gcoistí eile; nó a gcearta a bhaineann le hionadaíocht nó úsáid na saoráide a athrú.

Féadfaidh an comhalta nó an breathnóir dá ndéantar difear (nach Ballstát é), tarraingt siar as EHRI-ERIC tar éis réamhfhógra 6 mhí i scríbhinn a thabhairt do Chathaoirleach an Chomhthionóil Ghinearálta.

CAIBIDIL 4

CEARTA AGUS OIBLEAGÁIDÍ COMHALTAÍ AGUS BREATHNÓIRÍ

Airteagal 16

Comhaltaí

1. Beidh sé de cheart ag Comhaltaí:

a) freastal ar chruinnithe an Chomhthionóil Ghinearálta agus vóta a chaitheamh iontu, cé is moite den vótáil ar chinntí maidir le foirceannadh chomhaltas an Chomhalta sin i gcomhréir le hAirteagal 15(4);

b) freastal ar chomhlachtaí rialachais EHRI-ERIC, iad a thoghadh agus a thoghadh chucu trína ionadaithe;

c) a bheith rannpháirteach i bhforbairt straitéisí agus bheartais EHRI-ERIC;

d) branda EHRI-ERIC a úsáid;

e) go nglacfaidh a bpobal taighde ábhartha páirt i dtograí tionscadail i gcás ina ngníomhaíonn EHRI-ERIC mar an t-eintiteas a dhéanfaidh an tíolacadh;

f) go n-úsáidfidh a phobal taighde na huirlisí, na seirbhísí agus na tairiscintí eile uile arna gcomhordú ag EHRI-ERIC;

g) go nglacfaidh a phobal taighde ábhartha páirt in imeachtaí EHRI-ERIC.

2. Déanfaidh gach Comhalta an méid seo a leanas:

a) Nód Náisiúnta EHRI-ERIC a bhunú ina mbeidh institiúid amháin nó níos mó a rannchuideoidh le gníomhaíochtaí EHRI-ERIC agus a chuirfidh comhtháthú phobail úsáideoirí EHRI-ERIC chun cinn;

b) ionadaí amháin ar a laghad, ach líon nach mó ná beirt, a cheapadh chuig an gComhthionól Ginearálta agus iad a chumhachtú le húdarás iomlán chun vóta a chaitheamh thar a cheann maidir le gach ábhar a thugtar os comhair an Chomhthionóil Ghinearálta, faoi réir vóta amháin a sholáthar in aghaidh an Chomhalta i gcomhréir le hAirteagal 20(2);

c) Comhordaitheoir Náisiúnta a cheapadh i gcomhréir le hAirteagal 22(2);

d) an ranníocaíocht bhliantúil in airgead tirim a íoc i gcomhréir le hIarscríbhinn II;

e) rochtain a dheonú ar shaoráidí náisiúnta EHRI i gcomhréir le Beartas Rochtana EHRI-ERIC;

f) glacadh caighdeán, treoirlínte agus nósanna imeachta ábhartha a chur chun cinn i measc na n-institiúidí a rannchuidíonn le Nód Náisiúnta;

g) an bonneagar teicniúil is gá a sholáthar chun comhtháthú sonraí agus seirbhísí in EHRI-ERIC a éascú;

h) úsáid acmhainní agus sheirbhísí EHRI-ERIC a chur chun cinn agus aiseolas agus riachtanais úsáideoirí a bhailiú.

3. Féadfaidh an Comhthionól Ginearálta a chinneadh cearta vótála Comhalta a chur ar fionraí má tá an Comhalta sin i riaráiste 12 mhí nó níos mó maidir lena oibleagáidí faoi Airteagal 16(2)(d) a chomhlíonadh, go dtí go n-íocfar na ranníocaíochtaí ina n-iomláine.

Airteagal 17

Breathnóirí

1. Beidh sé de cheart ag Breathnóirí:

a) freastal ar chruinnithe an Chomhthionóil Ghinearálta gan cearta vótála;

b) go n-úsáidfidh a phobal taighde ábhartha na huirlisí, na seirbhísí agus na tairiscintí eile uile arna gcomhordú ag EHRI-ERIC;

c) go nglacfaidh a phobal taighde ábhartha páirt in imeachtaí EHRI-ERIC;

d) go mbeidh rochtain ag a phobal taighde ábhartha ar thacaíocht ó EHRI-ERIC chun na córais, na próisis agus na seirbhísí is gá a fhorbairt chun Nód Náisiúnta a bhunú.

2. Déanfaidh gach Breathnóir an méid seo a leanas:

a) ionadaí amháin ar a laghad, ach líon nach mó ná beirt, a cheapadh chuig an gComhthionól Ginearálta;

b) an ranníocaíocht bhliantúil in airgead tirim a íoc i gcomhréir le hIarscríbhinn II;

c) aon oibleagáid eile arna caibidliú idir an Breathnóir faoi seach agus EHRI-ERIC a chomhlíonadh mar a chomhaontaigh an Comhthionól Ginearálta lena n-áirítear Nód Náisiúnta a bhunú amach anseo;

d) féachaint le bheith ina Chomhalta de EHRI-ERIC.

3. Féadfaidh an Comhthionól Ginearálta a chinneadh cearta Breathnóra a chur ar fionraí má tá an Breathnóir sin i riaráiste 12 mhí nó níos mó maidir lena oibleagáidí faoi Airteagal 17(2)(b) a chomhlíonadh, go dtí go n-íocfar na ranníocaíochtaí ina n-iomláine.

CAIBIDIL 5

RANNPHÁIRTÍOCHT NA gCOMHPHÁIRTITHE COMHOIBRITHEACHA

Airteagal 18

Comhpháirtithe Comhoibritheacha

1. Féadfaidh EHRI-ERIC comhaontuithe comhair a dhéanamh le Comhpháirtithe Comhoibritheacha i dtíortha nach Comhalta ná Breathnóir EHRI-ERIC iad.

2. Chun sástacht an Chomhthionóil Ghinearálta, ní mór do Chomhpháirtithe Comhoibritheacha rannchuidiú le cúraimí agus gníomhaíochtaí EHRI-ERIC a chomhlíonadh.

3. Tabharfaidh Stiúrthóir EHRI-ERIC an comhaontú comhair i gcrích tar éis formheas a fháil ón gComhthionól Ginearálta. Bunófar leis an gcomhaontú comhair na téarmaí agus na coinníollacha faoina bhféadfaidh an Comhpháirtí Comhoibritheach dul i dteagmháil le EHRI-ERIC agus gealltanas a thabhairt maidir leis na cúraimí agus na gníomhaíochtaí a leagtar amach in Airteagal 2.

CAIBIDIL 6

RIALACHAS

Airteagal 19

Struchtúr Rialachais

1. Beidh na comhlachtaí seo a leanas i struchtúr rialachais EHRI-ERIC:

a) an Comhthionól Ginearálta;

b) an Stiúrthóir;

c) Coiste na gComhordaitheoirí Náisiúnta;

d) an Bord Comhairleach;

e) Coiste Stiúrtha.

2. Féadfaidh an Comhthionól Ginearálta coistí breise a bhunú de réir mar is gá d'fheidhmiú cuí EHRI-ERIC.

Airteagal 20

Comhthionól Ginearálta

1. Is é an Comhthionól Ginearálta an comhlacht rialaithe is airde de chuid EHRI-ERIC a bhfuil cumhacht chinnteoireachta iomlán aige. Beidh an Comhthionól Ginearálta comhdhéanta d'ionadaithe na gComhaltaí agus na mBreathnóirí.

2. Ainmneoidh gach Comhalta suas le beirt ionadaithe, ach ní bheidh an vóta ach ag ionadaí amháin. Ainmneoidh gach Breathnóir suas le beirt ionadaithe, ach ní bheidh aon chearta vótála acu. Féadfaidh suas le beirt saineolaithe cúnamh a thabhairt d'ionadaithe na gComhaltaí agus na mBreathnóirí.

3. Tiocfaidh an Comhthionól Ginearálta le chéile uair sa bhliain ar a laghad i ngnáthchruinniú.

4. Beidh an Comhthionól Ginearálta freagrach as treoir agus maoirseacht fhoriomlán EHRI-ERIC i gcomhréir le forálacha na reachtanna seo agus déanfaidh sé cinneadh maidir le haon ábhar is gá chun misean EHRI-ERIC a chomhlíonadh.

5. Maidir le gach mír, déanfaidh an Comhthionól Ginearálta a dhícheall teacht ar chomhthoil. Mura féidir teacht ar chomhthoil, déanfaidh an Comhthionól Ginearálta cinntí i gcomhréir leis an gcóras vótála mar a shainítear i míreanna 6, 7 agus 8. I gcás comhaltaí a staonann ón vótáil, measfar iad a bheith as láthair gan aon éifeacht ar an gcóram is gá chun an cruinniú a bheith ann faoi Airteagal 20(11).

6. Beidh tromlach dhá thrian de na vótaí arna gcaitheamh ag na Comhaltaí a bheidh ag freastal ar an gcruinniú ag teastáil le haghaidh na gcinntí seo a leanas:

a) an Stiúrthóir a cheapadh, a chur ar fionraí nó a bhriseadh as a phost;

b) ionadaithe an Bhoird Chomhairligh a cheapadh, a chur ar fionraí nó a bhriseadh as a bpost;

c) aontachas Comhaltaí agus Breathnóirí nua agus tarraingt siar, fionraí nó foirceannadh rannpháirtíocht na gComhaltaí agus na mBreathnóirí in EHRI-ERIC a fhormheas;

d) aontachas, tarraingt siar, fionraí nó foirceannadh na gComhpháirtithe Comhoibritheacha a fhormheas;

e) ráitis airgeadais agus bhuiséadacha a fhormheas, lena n-áirítear an buiséad bliantúil;

f) an straitéis eolaíochta a fhormheas;

g) an tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí a fhormheas;

h) comhlachtaí rialachais nó bainistíochta nach liostaítear in Airteagal 19(1) a chruthú nó a dhíscaoileadh;

i) cinneadh a dhéanamh maidir le foirceannadh EHRI-ERIC i gcomhréir le hAirteagal 3(2).

7. Beidh aontoilíocht na vótaí arna gcaitheamh ag na Comhaltaí a bheidh ag freastal ar an gcruinniú ag teastáil le haghaidh na gcinntí seo a leanas:

a) athrú ar an tSamhail Airgeadais agus ar phrionsabail ranníocaíochtaí na gComhaltaí agus na mBreathnóirí, lena n-áirítear an creat le haghaidh ranníocaíochtaí comhchineáil;

b) formheas an phlean airgeadais 5 bliana;

c) leasú ar reachtanna EHRI-ERIC.

Nuair nach féidir cinneadh a dhéanamh maidir leis na hathruithe ar an tSamhail Airgeadais, ar ranníocaíochtaí Comhaltaí agus Breathnóirí, ar an bplean airgeadais 5 bliana nó ar leasuithe ar reachtanna EHRI-ERIC ag dhá bhallóid as a chéile ag cruinnithe ar leithligh, déanfar an cinneadh le tromlach trí cheathrú ag an tríú ballóid a eagrófar ag cruinniú as a chéile.

8. Déanfar gach ábhar eile nach sainítear gur gá tromlach dhá thrian nó aontoilíocht na vótaí arna gcaitheamh ina leith a chinneadh trí thromlach simplí de na vótaí arna gcaitheamh.

9. Toghfaidh an Comhthionól Ginearálta Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach as measc ionadaithe na gComhaltaí ar feadh téarma 3 bliana, tréimhse is féidir a athnuachan ar feadh suas le 3 bliana, uair amháin. Is é an Cathaoirleach a chomórfaidh cruinnithe an Chomhthionóil Ghinearálta nó, má bhíonn sé nó sí as láthair, is é an Leas-Chathaoirleach a chomórfaidh iad. Ní bheidh aon chearta vótála breise ag an gCathaoirleach ná ag an Leas-Chathaoirleach.

10. Féadfaidh leath de na Comhaltaí ar a laghad cruinniú urghnách den Chomhthionól Ginearálta a iarraidh.

11. Beidh córam dhá thrian de na Comhaltaí ag teastáil chun cruinniú bailí den Chomhthionól Ginearálta a bheith ann. Mura mbeidh córam ann, tionólfar an cruinniú arís eile laistigh de mhí amháin tar éis cuireadh nua, agus beidh an clár oibre céanna ann. Beidh córam ann ag an athchruinniú má bhíonn leath de na Comhaltaí i láthair.

12. Féadfar gnáthchruinnithe agus cruinnithe urghnácha den Chomhthionól Ginearálta a thionól ar an láthair nó go fíorúil.

13. Más rud é, ar chúiseanna práinne, nach féidir cinneadh sonrach a chur siar chuig an gcéad ghnáthchruinniú nó chuig an gcéad chruinniú urghnách eile den Chomhthionól Ginearálta, féadfaidh an Cathaoirleach iarraidh ar chinneadh a chur isteach trí nós imeachta i scríbhinn.

14. Glacfaidh an Comhthionól Ginearálta a rialacha nós imeachta féin.

Airteagal 21

Stiúrthóir

1. Ceapfaidh an Comhthionól Ginearálta Stiúrthóir ar feadh téarma 5 bliana. Féadfar an ceapachán a athnuachan uair amháin go ceann tréimhse bhreise suas le 5 bliana.

2. Is é an Stiúrthóir príomhoifigeach feidhmiúcháin agus ionadaí dlíthiúil EHRI-ERIC.

3. Déanfaidh an Stiúrthóir foireann na Lároifige a cheapadh agus a bhriseadh as a post.

4. Beidh an Stiúrthóir freagrach as an méid seo a leanas:

a) bainistiú agus riar laethúil EHRI-ERIC agus na Lároifige;

b) a áirithiú go gcomhlíonann EHRI-ERIC na ceanglais dhlíthiúla uile is infheidhme;

c) cruinnithe an Chomhthionóil Ghinearálta a ullmhú;

d) cinntí an Chomhthionóil Ghinearálta a chur chun feidhme i gcomhréir leis na dlíthe agus na rialacháin is infheidhme;

e) plean straitéiseach EHRI-ERIC a fhorbairt i gcomhar le Coiste na gComhordaitheoirí Náisiúnta agus faoi réir fhormheas an Chomhthionóil Ghinearálta;

f) an tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí a chur faoi bhráid an Chomhthionóil Ghinearálta, agus gníomhaíochtaí Choiste na gComhordaitheoirí Náisiúnta agus an Bhoird Chomhairligh á gcur san áireamh;

g) ráitis airgeadais bhliantúla agus réamhaisnéisí buiséid a sholáthar don Chomhthionól Ginearálta;

h) aon chúram ábhartha eile a dhéanamh de réir mar a éileoidh an Comhthionól Ginearálta.

Airteagal 22

Coiste na gComhordaitheoirí Náisiúnta

1. Bunóidh an Comhthionól Ginearálta Coiste na gComhordaitheoirí Náisiúnta.

2. Ceapfaidh gach Nód Náisiúnta Comhordaitheoir Náisiúnta amháin de réir a rialacha agus a nósanna imeachta féin. Freastalóidh an Comhordaitheoir Náisiúnta ar chruinnithe Choiste na gComhordaitheoirí Náisiúnta thar ceann an Nóid Náisiúnta agus déanfaidh sé ionadaíocht ar gach institiúid a bhfuil baint acu leis an Nód Náisiúnta.

3. Toghfaidh Coiste na gComhordaitheoirí Náisiúnta Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach as measc a Chomhaltaí ar feadh tréimhse trí bliana, tréimhse nach féidir a athnuachan.

4. Déanfaidh Coiste na gComhordaitheoirí Náisiúnta an méid seo a leanas:

a) comhsheasmhacht agus comhleanúnachas ghníomhaíochtaí na Nód Náisiúnta a áirithiú;

b) a áirithiú go gcloífear le beartais EHRI-ERIC sa líonra náisiúnta agus go ndéanfar iad a chur chun feidhme agus a chomhordú;

c) struchtúir leordhóthanacha a eagrú chun ionadaíocht a dhéanamh ar institiúidí comhpháirtíochta náisiúnta chomh maith le húsáideoirí agus gairmithe áitiúla. Go sonrach, a gcuid moltaí, ceanglas agus ábhar imní a bhailiú agus a chomhiomlánú, agus iad sin a chur in iúl don Stiúrthóir agus don Chomhthionól Ginearálta;

d) tograí a dhéanamh chun feabhas a chur ar EHRI chomh maith le nósanna imeachta agus cleachtais an Nód Náisiúnta;

e) rannchuidiú le straitéis eolaíoch EHRI-ERIC;

f) cineál agus luach na ranníocaíochtaí comhchineáil náisiúnta a thuairisciú don Stiúrthóir;

g) meithleacha nó grúpálacha réigiúnacha sealadacha nó buana a bhunú chun cúnamh a thabhairt do Choiste na gComhordaitheoirí Náisiúnta i gcás cúraimí sonracha nó chun saineolas i réimsí agus i réigiúin shonracha a chur ar fáil do Choiste na gComhordaitheoirí Náisiúnta. Comhaltaí na meithleacha agus na ngrúpaí réigiúnacha a cheapadh, Cathaoirleach na meithleacha agus na ngrúpaí réigiúnacha a thoghadh agus faireachán a dhéanamh ar oibriú na meithleacha agus na ngrúpaí réigiúnacha.

5. Formheasfaidh an Comhthionól Ginearálta rialacha nós imeachta Choiste na gComhordaitheoirí Náisiúnta.

Airteagal 23

Bord Comhairleach

1. Bunóidh an Comhthionól Ginearálta Bord Comhairleach neamhspleách. Beidh an Bord Comhairleach comhdhéanta d'eolaithe, de scoláirí agus de shaineolaithe oirirce a aithnítear go hidirnáisiúnta, agus ionadaithe na bpáirtithe leasmhara ó na disciplíní éagsúla lena mbíonn EHRI-ERIC rannpháirteach. Ceapfaidh an Comhthionól Ginearálta comhaltaí an Bhoird Chomhairligh ar bhonn domhanda, gan ceanglas a bheith ann gur gá a bheith bunaithe i dtír is Comhalta ná i dtír is Breathnóir agus gníomhóidh siad ar a dteideal pearsanta agus coinbhleachtaí leasa eagraíochtúla agus pearsanta le EHRI-ERIC á seachaint san am céanna.

2. Déanfaidh an Bord Comhairleach an méid seo a leanas:

a) comhairle a chur ar fáil don Chomhthionól Ginearálta maidir le gníomhaíochtaí agus beartais fhoriomlána EHRI-ERIC arna iarraidh sin nó ar a thionscnamh féin;

b) comhairle agus léargais straitéiseacha a sholáthar maidir le treochtaí, dúshláin, rioscaí agus deiseanna eolaíocha ábhartha atá ábhartha do ghníomhaíochtaí EHRI-ERIC;

c) faireachán agus meastóireacht bhliantúil a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus ar sheirbhísí EHRI-ERIC agus tuarascáil mheastóireachta a ullmhú don Chomhthionól Ginearálta;

d) dul i gcomhairle leis an Stiúrthóir uair sa bhliain ar a laghad maidir le gníomhaíochtaí, seirbhísí, beartais agus nósanna imeachta ábhartha EHRI-ERIC.

3. Is é an Comhthionól Ginearálta a cheapfaidh an Bord Comhairleach le haghaidh téarmaí in-athnuaite 3 bliana bunaithe ar thograí an Stiúrthóra.

4. Toghfaidh an Bord Comhairleach Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach as a Chomhaltaí. Comórfaidh an Cathaoirleach cruinnithe uile an Bhoird Chomhairligh agus déanfaidh sé nó sí cathaoirleacht orthu.

5. Tiocfaidh an Bord Comhairleach le chéile uair amháin sa bhliain ar a laghad.

6. Féadfaidh an Bord Comhairleach é féin a roinnt ina choistí speisialaithe chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais nó ar pheirspictíochtaí sonracha EHRI-ERIC.

7. Formheasfaidh an Comhthionól Ginearálta rialacha nós imeachta an Bhoird Chomhairligh.

Airteagal 24

An Coiste Stiúrtha

1. Féadfaidh an Comhthionól Ginearálta a chinneadh Coiste Stiúrtha a bhunú.

2. Beidh an Coiste Stiúrtha comhdhéanta den Stiúrthóir, de Chathaoirleach Choiste na gComhordaitheoirí Náisiúnta agus de dhaoine oirirce a bhfuil saineolas ábhartha acu arna dtoghadh ag Coiste na gComhordaitheoirí Náisiúnta.

3. Soláthróidh an Coiste Stiúrtha saineolas don Stiúrthóir maidir leis na réimsí éagsúla a bhfuil forbairt á déanamh ag EHRI-ERIC orthu agus tabharfaidh sé comhairle maidir le forbairt straitéise agus seirbhíse.

4. Beidh an Stiúrthóir ina Chathaoirleach ar an gCoiste Stiúrtha.

CAIBIDIL 7

ÁBHAIR AIRGEADAIS

Airteagal 25

Acmhainní

1. Is iad na nithe seo a leanas a bheidh in acmhainní CTAO ERIC:

a) táille airgid thirim bhliantúil na gComhaltaí agus na mBreathnóirí de réir Iarscríbhinn II;

b) préimh óstaigh ón tír ina bhfuil an Mol Lárnach suite i gcomhréir le hIarscríbhinn II;

c) ranníocaíochtaí comhchineáil ó Chomhaltaí agus ó Bhreathnóirí;

d) aon ranníocaíocht eile, lena n-áirítear tabhartais agus bronntanais laistigh de theorainneacha agus faoi théarmaí agus coinníollacha arna bhformheas ag an gComhthionól Ginearálta agus i gcomhréir leis an dlí agus na rialacháin is infheidhme.

2. Úsáidfear ranníocaíochtaí agus acmhainní chun na cúraimí agus na gníomhaíochtaí a leagtar amach in Airteagal 2 de na reachtanna seo a shaothrú.

Airteagal 26

Prionsabail Bhuiséadacha, Cuntais agus Iniúchadh

1. Tosóidh bliain airgeadais EHRI-ERIC an 1 Eanáir agus críochnóidh sí an 31 Nollaig gach bliain.

2. Beidh tuarascáil ar bhainistíocht bhuiséadach agus airgeadais na bliana airgeadais ag gabháil le cuntais EHRI-ERIC.

3. Beidh EHRI-ERIC faoi réir cheanglais dhlí na tíre ina bhfuil a oifig chláraithe a mhéid a bhaineann le cuntais a ullmhú, a chomhdú, a iniúchadh agus a fhoilsiú.

4. Áiritheoidh EHRI-ERIC go n-úsáidfear a chuid acmhainní i gcomhréir le prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais.

5. Féadfaidh EHRI-ERIC a rialacha airgeadais breise féin a ghlacadh, rialacha a bheidh le formheas ag an gComhthionól Ginearálta.

Airteagal 27

Díolúintí ó Cháin agus ó Dhleacht Mháil

1. Díolúintí CBL bunaithe ar Airteagal 143(1)(g) agus ar Airteagal 151(1)(b) de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle agus i gcomhréir le hAirteagail 50 agus 51 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 ón gComhairle, beidh siad teoranta do cheannacháin earraí nó seirbhísí a dhéanfaidh EHRI-ERIC agus a Chomhaltaí, mar a shainítear in Airteagal 9(1) de Rialachán (CE) Uimh. 723/2009 ón gComhairle an 25 Meitheamh 2009 maidir le creat dlíthiúil an Chomhphobail le haghaidh Cuibhreannas don Bhonneagar Taighde Eorpach (ERIC), atá le húsáid go hoifigiúil agus go heisiach ag EHRI-ERIC, ar choinníoll go ndéanfar ceannacháin den sórt sin le haghaidh ghníomhaíochtaí neamheacnamaíocha EHRI-ERIC i gcomhréir lena ghníomhaíochtaí agus lena n-aghaidh sin amháin. Beidh díolúintí CBL teoranta do cheannacháin ar mó a luach ná EUR 300 gan CBL san áireamh.

2. Díolúintí ó dhleacht mháil, bunaithe ar Airteagal 11 de Threoir (AE) 2020/262 ón gComhairle, beidh siad teoranta do cheannacháin a dhéanfaidh EHRI-ERIC, ar ceannacháin iad atá le húsáid go hoifigiúil agus go heisiach ag EHRI-ERIC ar choinníoll go ndéanfar ceannacháin den sórt sin le haghaidh ghníomhaíochtaí neamheacnamaíocha EHRI-ERIC i gcomhréir lena ghníomhaíochtaí, agus lena n-aghaidh sin amháin, agus gur mó luach an cheannacháin ná EUR 300 gan CBL san áireamh.

3. Ní chumhdaítear ceannacháin a dhéanfaidh baill foirne leis na díolúintí thuas.

CAIBIDIL 8

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 28

Beartas Sonraí

1. Déanfaidh EHRI-ERIC foinse oscailte, rochtain oscailte agus na Prionsabail maidir le Sonraí FAIR a chur chun cinn.

2. Beidh bailiú agus úsáid shonraí EHRI-ERIC faoi réir dlíthe Eorpacha agus náisiúnta maidir le cosaint sonraí pearsanta.

3. Taighde a dhéantar agus úsáid á baint as ábhar a chuirtear ar fáil trí EHRI-ERIC, soláthróidh EHRI-ERIC treoraíocht d'úsáideoirí chun a áirithiú go ndéanfar an taighde sin laistigh de chreat lena n-aithnítear cearta úinéirí sonraí agus príobháideachas daoine aonair.

4. Áiritheoidh EHRI-ERIC go n-aontóidh úsáideoirí leis na téarmaí agus na coinníollacha lena rialaítear rochtain agus go bhfuil socruithe slándála oiriúnacha i bhfeidhm maidir le stóráil inmheánach agus láimhseáil.

5. Saineoidh EHRI-ERIC socruithe chun imscrúdú a dhéanamh ar líomhaintí maidir le sáruithe slándála agus nochtaí rúndachta i ndáil le sonraí taighde.

6. Áiritheoidh EHRI-ERIC go dtabharfar aitheantas do sholáthraithe sonraí, d'údair sonraí agus do lógó EHRI-ERIC ar bhealach iomchuí.

7. Glacfaidh EHRI-ERIC beartas sonraí, a bheidh le formheas ag an gComhthionól Ginearálta.

Airteagal 29

Tuairisciú don Choimisiún

1. Cuirfidh EHRI-ERIC tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí ar fáil, tuarascáil ina mbeidh gnéithe eolaíocha, oibríochtúla agus airgeadais dá chuid gníomhaíochtaí go háirithe. Déanfaidh an Comhthionól Ginearálta an tuarascáil a fhormheas agus tarchuirfear í chuig an gCoimisiún Eorpach agus chuig na húdaráis phoiblí ábhartha laistigh de 6 mhí ó dheireadh na bliana airgeadais comhfhreagraí. Cuirfear an tuarascáil sin ar fáil go poiblí.

2. Cuirfidh EHRI-ERIC an Coimisiún Eorpach ar an eolas faoi aon imthosca a d'fhéadfadh cur i gcrích chúraimí EHRI-ERIC a chur i mbaol go mór nó bac a chur ar EHRI-ERIC na ceanglais a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 723/2009 a chomhlíonadh.

Airteagal 30

An Dlí is Infheidhme

1. Rialófar feidhmiú inmheánach EHRI-ERIC leis na nithe seo a leanas:

a) dlí an Aontais Eorpaigh, go háirithe Rialachán (CE) Uimh. 723/2009, arna leasú le Rialachán (AE) Uimh. 1261/2013 ón gComhairle, agus na cinntí dá dtagraítear in Airteagal 6(1)(a) agus Airteagal 11(1) den Rialachán;

b) dlí an Stáit ina bhfuil oifig chláraithe EHRI-ERIC i gcás ábhair nach rialaítear le dlí an Aontais Eorpaigh nó nach rialaítear ach go páirteach leis;

c) na Reachtanna agus a rialacha cur chun feidhme.

Airteagal 31

Díospóidí

1. I gcás ina mbeidh díospóid nó easaontas ann idir na Comhaltaí a eascraíonn as na reachtanna nó a bhaineann leo, tiocfaidh an Comhthionól Ginearálta le chéile a luaithe is féidir le réasún chun dul i gcomhairle le chéile de mheon macánta agus chun an díospóid a réiteach go cairdiúil.

2. Beidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i dtaca le dlíthíocht i measc na gComhaltaí agus na mBreathnóirí i ndáil le EHRI-ERIC, idir Comhaltaí agus Breathnóirí agus EHRI-ERIC, agus i dtaca le haon dlíthíocht lena bhfuil an tAontas ina pháirtí.

3. Beidh feidhm ag reachtaíocht an Aontais Eorpaigh maidir le dlínse i ndáil le díospóidí idir EHRI-ERIC agus tríú páirtithe. I gcásanna nach gcumhdaítear le reachtaíocht an Aontais, is faoi dhlí an Stáit ina bhfuil oifig chláraithe EHRI-ERIC a chinnfear an dlínse inniúil chun na díospóidí sin a réiteach.

Airteagal 32

Forálacha maidir le Bunú

1. Gairfidh an tír óstach cruinniú bunreachtúil den Chomhthionól Ginearálta a luaithe is féidir tar éis theacht i bhfeidhm an chinnidh ón gCoimisiún lena mbunaítear EHRI-ERIC.

2. Sula dtionólfar an chéad chruinniú agus tráth nach déanaí ná 45 lá féilire tar éis theacht i bhfeidhm an chinnidh ón gCoimisiún Eorpach lena mbunaítear EHRI-ERIC, tabharfaidh an tír óstach fógra do na comhaltaí agus na breathnóirí bunaidh faoi aon ghníomhaíocht dhlíthiúil phráinneach shonrach is gá a dhéanamh thar ceann EHRI-ERIC. Mura rud é go ndéanann comhalta bunaidh agóid laistigh de 5 lá oibre tar éis dó an fógra a fháil, déanfaidh duine arna údarú go cuí ag an tír óstach an ghníomhaíocht dhlíthiúil.

IARSCRÍBHINN I

— LIOSTA DE CHOMHALTAÍ, DE BHREATHNÓIRÍ AGUS DÁ nEINTITIS A BHFUIL IONADAÍOCHT Á DÉANAMH ACU

COMHALTAÍ

Tír nó eagraíocht idir-rialtasach	**Eintiteas a bhfuil Ionadaíocht á déanamh aige ina leith**
Poblacht na hOstaire	Aireacht Cónaidhme Oideachais, Eolaíochta agus Taighde Phoblacht na hOstaire
Poblacht na Cróite	Aireacht Eolaíochta agus Oideachais Phoblacht na Cróite
Poblacht na Seice	An Aireacht Oideachais, Óige agus Spóirt
Poblacht Chónaidhme na Gearmáine	Aireacht Cónaidhme Oideachais agus Taighde na Gearmáine
Stát Iosrael	An Aireacht Nuálaíochta, Eolaíochta agus Teicneolaíochta
An Ísiltír	Comhairle Taighde na hÍsiltíre
Poblacht na Polainne	An Aireacht Cultúir agus Oidhreachta Náisiúnta
An Rómáin	Institiúid Náisiúnta 'Elie Wiesel' um Staidéar ar an Uileloscadh sa Rómáin
Poblacht na Slóvaice	Aireacht Oideachais, Taighde, Forbartha agus Óige Phoblacht na Slóvaice
An Ríocht Aontaithe	Roinn Eolaíochta, Nuálaíochta agus Teicneolaíochta na Ríochta Aontaithe

BREATHNÓIRÍ

Tír nó eagraíocht idir-rialtasach	**Eintiteas a bhfuil Ionadaíocht á déanamh aige ina leith**

IARSCRÍBHINN II

RANNÍOCAÍOCHTAÍ NA gCOMHALTAÍ AGUS NA mBREATHNÓIRÍ

Féach an doiciméad ar leithligh *Iarscríbhinn Airgeadais a ghabhann leis na Reachtanna*